



---

# PLEAN SCOILE DON GHAEILGE

---

Scoil Náisiúnta Naomh Fheargus  
An Gleann  
20102T



## **Plean Scoile don Ghaeilge Scoil Náisiúnta Naomh Fheargus**

### ❖ **Réamhráiteas:**

Cuireadh an plean seo le chéile tar éis comhoibriú idir an príomhoide, na múinteoirí agus an Bord Bainistíochta. Tá an plean bunaithe ar ár dtaithe féin agus ar an gCuraclam Bunscoile don Ghaeilge (1999).

### ❖ **Bunchúiseanna/Rationale:**

Tá gá leis an bplean seo :

- chun cabhrú linn an Curaclam a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint d'ár scoil
- chun go mbeidh treoir chinnte againn i múineadh agus úsáid na Gaeilge
- ionas go mbeidh léanúnachas agus forbairt ó rang go rang
- chun an Cur Chuige Cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil
- chun comhthéacs a chruthú d'úsáid na Gaeilge sa scoil
- chun eolas a thabhairt do dhaoine nua ag obair sa scoil, m.sh. ionadaithe

### ❖ **An plean i gcomhthéacs na scoile seo/Fís:**

- Is í aidhm dúinn sa scoil spéis sa Ghaeilge a chothú trí na páistí a spreagadh chun í a úsáid in atmaisféar taitneamhach gan bhrú. Chuige sin ba chóir go mbeidh gach duine sa phobal scoile – an príomhoide, na múinteoirí, na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta – ar aon intinn faoi úsáid na Gaeilge sa scoil.
- Tá dearcadh dearfach i leith na Gaeilge ag múinteoirí na scoile agus déanaimid ar fad iarracht an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae.
- Tuigimid go bhfuil comhoibriú na dtuismitheoirí thar a bheith tábhachtach chun dearcadh dearfach don Ghaeilge a chothú sna páistí. Is féidir leo tacaíocht a thabhairt d'obair na scoile agus d'obair an ranga trí cabhrú leis an obair bhaile agus trí Ghaeilge a chleachtadh ar ócáidí áirithe sa bhaile. Cuirtear abhaile frásaí úsáideacha gach seachtain gur féidir leo a úsáid agus a chleachtadh lena bpáistí sa bhaile ionas go dtuigeann na páistí gur teanga bheo í an Ghaeilge.
- Cuirimid an-bhéim ar thábhacht Sheachtain na Gaeilge agus tuigimid an tábhacht a bhaineann léi chun an Ghaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn sa scoil seo. Cruthaítear Gaeltacht bheag sa scoil i rith na seachtaine sin nuair a chuirtear Céilí Mór agus Tráth na gCeist ar siúl . Foghlaimíonn na páistí na damhsaí traidisiúnta trí Ghaeilge agus déantar cleachtadh i rith rang Corpoideachas. Tarlaíonn comhtháthú go nádúrtha ar an mbealach seo. Bainimid ar fad an-taitneamh as na himeachtaí seo.

- Tuigimid go bhfuil buntáistí ag baint le foghlaim na Gaeilge, go háirithe mar faigheann na páistí tuiscint ar thábhacht na teanga maidir lenár gcultúr.

#### ❖ **Aidhmeanna:**

Is iad aidhmeanna an churaclam Gaeilge ná:

- Taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge.
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil intí a chothú
- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn sa rang.
- Cumas éisteacht agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a mhúinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú.
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéil a oireann dó / dí féin agus don chinéal scoile.
- Éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú.
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste

#### ❖ **Abhar 7 Modheolaíoch:**

Tá an plean don Ghaeilge eagraithe faoi na ceannteidil seo leanas:

##### 1. *Pleanáil don Churaclam*

- 1.1 Cur Chuige Cumarsáideach
- 1.2 Feidhmeanna teanga
- 1.3 Snáitheanna an Churaclaim
- 1.4 Comhtháthú na snáitheanna
- 1.5 Téamaí, straitéisí agus modhanna múinte
- 1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae.

## 2. *Pleanáil Eagraíochta*

### 2.1 Pleanáil an Mhúinteora

### 2.2 Áiseanna

### 2.3 Éagsúlacht cumais

### 2.4 Comhtháthú le hábhair eile

### 2.5 Measúnú

### 2.6 Obair bhaile

### 2.7 Forbairt foirne

### 2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge

### 2.9 Comhionannas

## 1. *Pleanáil don Churaclam*

### 1.1 Cur Chuige Cumarsáideach

Tá an-bhéim ar an gcumarsáid sa churaclam seo. Tá cumarsáid i gceist sna ceithre shnáithe, san ábhar teagaisc agus foghlama agus san modhanna múinte. Tuigeann na múinteoirí go bhfuil trí thréimhse sa cheacht – sa tréimhse réamhchumarsáide múintear an teanga: sa tréimhse cumarsáide bíonn seans ag na páistí an teanga a úsáid le chéile agus sa tréimhse iar chumarsáide ceartaítear na botúin agus déantar dul siar. Bíonn an bhéim i gcónaí ar dheiseanna a thabhairt do na páistí an teanga a labhairt.

### 1.2 Feidhmeanna teanga

Is iad na feidhmeanna croílár an churaclaim Ghaeilge. Is é is ciall le feidhm teanga ná an úsáid a bhaineann duine as an teanga chun cuspóir éigin cumarsáide a bhaint amach, m.sh. cuireadh a thabhairt. Tá gá le eiseamláirí na bhfeidhmeanna teanga a roghnú chun go mbeidh:

- an fhoireann ar fad aontaithe ar an gcur chuige
- forbairt agus leanúnachas le feiceáil óna Naíonáin go Rang 6
- treoir agus structúir do fhoireann na scoile
- na páistí in ann an Ghaeilge atá acu a úsáid chun labhairt /léamh/ agus scríobh faoi topaicí a bhfuil spéis acu féin iontú , is cuma cé chomh teoranta is atá sé.

### 1.3 Snáitheanna an Churaclaim

Tá ábhar teagaisc agus foghlama an churaclaim Ghaeilge eagraithe faoi cheithre shnáithe;

- Éisteacht
- Labhairt
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht

### 1.4 Comhtháthú na snáitheanna

- Sa scoil seo cuirfear béim ar éisteacht agus labhairt mar bhunús don litearthacht. Déanfaimid iarracht éisteacht / labhairt / léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.

### 1.5 Téamaí, straitéisí agus modhanna múinte

- Is iad na deich téamaí atá molta sa churaclam atá in úsáid sa scoil againn:  
Mé Féin, Sa Bhaile, An Scoil, Bia, Siopadóireacht, Caitheamh Aimsire, Éadaí, An Aimsir, Ócáidí Speisialta, An Teilifís.
- Is iad na straitéisí seo filíocht, rannta, dánta, amhráin, drámaíocht, comhrá, paidreacha agus agallamh atá in úsáid sna ranganna.
- Seo iad na modhanna múinte atá in úsáid sa scoil seo:  
An modh díreach  
Modh na sraithe  
Modh na lánfhreagartha gníomhaí  
An modh closlabharta  
An modh closamhairc  
Modh na ráite

### 1.6 Gaeilge Neamhfhoirmiúil – úsáid na Gaeilge i rith an lae.

Déanaimid iarracht an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir linn i rith an lae.

- ócáidí rialta i rith an lae ... am rolla/lón/ar maidin srl.
- teachtaireachtaí
- bainisteoireacht ranga
- prionta sa timpeallacht / fógraí / comharthaí srl.
- Frása na seachtaine.

## 2. Pleanáil Eagraíochta

### 2.1 Pleanáil an Mhúinteora

Déanann na múinteoirí pleanáil fad téarmach agus pleanáil gearr téarmach bunaithe ar an bplean seo agus ar an gCuraclam.

### 2.2 Áiseanna

Sa scoil seo táimid ag úsáid Bua na Cainte agus Bun go Barr.

- Leabhair leabharlainne éagsúla.
- Dlúthdhíoscaí
- Postaeir
- Clár bán idirghníomhach
- Bíonn na múinteoirí freagrach as na háiseanna ar fad.

### 2.3 Éagsúlacht Cumais:

Déanaimid gach iarracht ar leas na páistí agus creidimid gur féidir leo ar fad páirt a ghlacadh san obair ó bhéal ach ní chuirtear brú orthu.

### 2.4 Comhtháthú le hÁbhair eile:

- Corpoideachas: Lúthcleasaíocht; damhsaí; ag éisteacht le treoracha, léim fada nó gearr...
- Ceol: amhráin Gaeilge
- Matamaitic: uimhreas – rainn chomhaireamh
- Ealaín: Péint agus dathú; péinteáil- na dathanna i nGaeilge.
- Stair: scéalaíocht, staidéar aitiúil.
- Dramaíocht: sceitsí, cluichí

### 2.5 Measúnú:

Tá béim sa churaclam seo ar an úsáid is fearr a bhaint as an dteanga chun cumarsáid a dhéanamh; mar sin déanfar measúnú ar éisteacht agus tuiscint agus labhairt go háirithe.

Uirlisí éagsúla measúnaithe-

- Dírbhreathnú an mhúinteora ar an bpáiste
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoir
- Bailiúchán d'obair agus de thoinscadáil an pháiste.
- Liosta na bhfeidhmeanna teanga

## 2.6 Obair Bhaile:

Tá an bhéim ar obair bhaile simplí, bunaithe ar an méid atá ar siúl sa scoil.

- Rang 2 – Litriú, léitheoireacht,
- Rang 3 agus 4 – Abairtí an-shimplí a scríobh
  - Litriú bunaithe ar an léitheoireacht/fuaimeanna
  - Léitheoireacht bunaithe ar na téamaí
- Rang 5 agus 6 – Dánta, abairtí a chríochnú, scéal a léamh agus a scríobh, litriúcháin, abairtí a léamh.

## 2.7 Forbairt Foirne:

Tá Gaeilge ag gach múinteoir sa scoil agus tá suim acu san ábhar. Múineann said an Ghaeilge go coinsiasach. Beidh Gaeilge ar an gclár oibre i gcruinniú mhúinteora gach mí i gcomhthéacs SSE as seo amach.

## 2.8 Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:

Tá dearcadh dearfach ag tromlach do na tuismitheoirí don Ghaeilge. Molaimid dóibh ó am go chéile Teilifís na Gaeilge a chur ar siúl sa bhaile. Spreagaimid na tuismitheoirí chun na cúpla focail atá acu a úsáid lena bpáistí. Cabhraíonn 'Frásaí na Seachtaine' le seo.

## 2.9 Comhionannas:

Déanaimid gach iarracht sa scoil seo cothrom na féine a thabhairt do gach páiste agus meas a bheith acu ar a chéile. Faigheann dalta saoirseacht ón nGaeilge i gcomhthéacs Circular 12/96 ach molaimid do na páistí seo páirt simplí a thógáil i ranganna cainte Gaeilge agus Gaeilge simplí a úsáid go neamhfhoirmiúil i rith an lae msh. Leabhar rolla.

### ❖ **Cur i bhfeidhm**

(a) Rólanna agus freagrachtaí:

Tá gach múinteoir, faoi stiúir an phríomhoide, freagrach as an bplean seo a chur i bhfeidhm.

(b) Spriocdáta leis an bplean a chur i bhfeidhm:

- MeánFómhair 2016

❖ **Athbhreithniú**

Tá foireann na scoile freagrach as athbhreithniú an phlean faoi stiúir an phríomhoide.

Spriocdáta don athbhreithniú: 2018

*Tá an phlean seo daingnithe ag cruinniú Bord Bainistíochta:*

Siniú: \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_



## **Liosta Áiseanna**

### **Rang: Naíonáin**

- Bua na Cainte A&B- Clár Teicneolaíochta Gaeilge  
Lámhleabhar an Mhúinteora  
Leabhar an pháiste
- An Mála Mór –  
Mo Chéad Leabhar Saothair agus luaschartaí
- Puipeidí
- Rabhlaí Rabhlaí- leabhar rannta

### **Rang: 1 & 2**

- Bun go Barr 1&2-  
Lámhleabhar an Mhúinteora  
Díúthdhioscaí  
Postaeir
- Bua Bua na Cainte 1 & 2- Clár Teicneolaíochta Gaeilge  
Lámhleabhar an Mhúinteora  
Leabhar an pháiste
- Rabhlaí Rabhlaí
- Tídil Eidil Éró
- Scéilín Ó Bhéilín
- Tomás na hOrdóige agus Scéalta Eile- pacáiste scéalta, drámaí agus cluichí.
- Fuaimeanna agus Focail- rang 2
- Léigh sa Bhaile- Leabhar A
- Súl Siar 1, 2 &3 – stair trí ghaeilge
- Ón gCeann go Peann
- Gaeilge Bheo!- gaeilge neamhfhoirmiúil
- Comhrá Scoile 1&2
- Gugalaí Gug!
- Irish Grammar – A Basic Handbook
- Is Maith Liom Gaeilge Anois- ríomhaire
- Foclóir

### **Rang: 3 & 4**

- Bun go Barr 3&4  
Lámhleabhar an Mhúinteora  
Leabhar an pháiste  
Díúthdhioscaí  
Postaeir
- Bunscríobh 3&4
- Am Don Léamh 3&4
- Postaeir
- Tomás na hOrdóige
- Inis Dom 3&4
- Foclóir

**Rang: 5&6**

- Bun go Barr 5&6  
Lámhleabhar an Mhúinteora  
Leabhar an pháiste  
Díúthdhioscaí  
Postaeir
- Bunscríobh 5&6
- Am Don Léamh 5&6
- Gaeilge ag Obair
- Bualadh Bos 5
- Béal Beo 5
- Fuaimeanna agus Focail 5&6
- Treo Nua 6
- Inis Dom 5&6
- Léigh sa Bhaile D,E agus F
- Litriú do Rang 5&6
- Craic le Litriú D & E
- Maith Thú 5&6
- Gach Aon Lá 4